


Comhdháil ar thodhchaí na hEorpa:

Ár DTreoracha – in amharc amháin



Conference
on the Future
of Europe



MAR GHEALL AR AN gCOMHDHÁIL AR THODHCHAÍ NA hEORPA

Tugann an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ardán do shaoránaigh na hEorpa chun a bhfuil i ndán don Eoraip a phlé agus tuairimí a chur leis. Tá trí shlí le bheith rannpháirteach ann: do chuid smaointe a roinnt, freastal ar imeacht in aice leat nó ar líne, nó d'imeacht pearsanta agus/nó ar líne féin a eagrú mar chuid den Chomhdháil. Gheofar an fhaisnéis riachtanach uile, lena n-áirítear roinnt treoracha, i do theanga féin ar ardán digiteach ilteangach na Comhdhála futurEU.europa.eu.

Seo léargas gairid chun cabhrú leat **tosú ar d'imeacht rannpháirtíochta a eagrú**.

CUSPÓIRÍ AN IMEACHTA

- **Comhráite cuiditheacha** a chumasú **faoina bhfuil i ndán don Eoraip**
- Díriú ar **smaointe agus ar réitigh ar fhadhbanna**
- **Comhsmaointe** a fhorbairt i ngrúpaí
- Comhdhearcadh a thógáil ar smaointe, **daoine a chumhachtú** chun smaointe a chomhroinnt
- **Tuairisciú** ar ardán na Comhdhála **ar bhealach soiléir, ionadaíoch agus macánta**

Suíomh

Go pearsanta agus/nó ar líne, ag brath ar do chúinsí áitiúla

Roimh an imeacht

- **Cláraigh** ar ardán na Comhdhála


Gabh chuig futurEU.europa.eu agus cuir d'imeacht ar an léarscáil.

Lean ár [dtreoir](#) mhionsonraithe má tá cabhair uait chuige sin.

- **Cuir scéala faoi d'imeacht agus faoin gComhdháil in iúl do dhaoine mórtimpeall ort**

Tabhair cuireadh do chairde agus do chomharsana, **déan teagmháil** le grúpaí agus institiúidí áitiúla, agus le spriocgrúpaí nó an pobal i gcoitinne. Scaip an focal ar na **meáin shóisialta** ag úsáid haischlib na Comhdhála **#TheFutureIsYours**

[Léigh na leideanna uainn chun an scéala a scaipeadh ar tuilleadh daoine!](#)



Formáid a roghnú

Chun d'imeacht a dhéanamh chomh rannpháirtíoch agus is féidir, molaimid duit formáid a roghnú ina mbeidh **dóthain spáis do phlé agus chun gur féidir leis na rannpháirtithe a dtuairimí a thabhairt**. Faigh moltaí inár [dtreoir](#) speisialta.

An spás (digiteach) a ullmhú


Más imeacht pearsanta í, leag amach na boird agus na cathaoireacha ar shlí a spreagfaidh rannpháirtíocht (ciorcal/ciorcail, gan aon ardán, srl.) agus bí cinnte go bhfuil cláir agat le cur ar taispeáint.

Más imeacht digiteach í, déan cinnte go bhfuil cainéal ann le haghaidh ceisteanna agus tacaíochta teicniúla. Is fiú seomraí d'fho-ghrúpaí a bheith agat chun plé a dhéanamh i ngrúpaí beaga.

An fhoireann a ullmhú

Chomh maith le duine a **bhreactfaidh síos nótaí** agus duine eile a **choinneoidh súil ar an gcomhrá** (más imeacht digiteach é), déan iarracht **ateangairí** a bheith i láthair más rud é go bhféadfadh fadhb teanga a bheith ann.

Déan iarracht cathaoirleach an tseisiúin agus modhnóir a cheapadh. Le linn díospóireachtaí grúpa, molaimid **modhnóir amháin in aghaidh an ghrúpa** a cheapadh.



Le linn an imeachta

Réamheolas

Nuair a thosaíonn an t-imeacht, mínigh do na rannpháirtithe:

- Cuspóirí na Comhdhála
- **Rialacha an imeachta (féach an Chairt)** agus an modh a roghnaíodh chun an díospóireacht a eagrú
- Conas a rachaidh aiseolas ar plé an imeachta suas go dtí an leibhéal Eorpach

Iarr **toiliú** i scríbhinn má thógtar grianghraif nó físeáin, agus inis do na rannpháirtithe roimh ré go bhféadtar iad a athúsáid chun críocha na Comhdhála.

Leideanna do mhodhnóirí

- Déan cinnte **go bhfaigheann gach duine deis cainte**
- Más gá, cuidigh le rannpháirtithe a gcuid pointí a fhorbairt trí **cheisteanna simplí leantacha** a chur.
- Ná déan athléirmhíniú ar an méid a deir daoine. Má tá amhras ort, fiafraigh díobh cad atá i gceist acu.
- Spreag plé bunaithe ar fhíricí. Má bhíonn easaontas ann, iarr ar na rannpháirtithe na bileoga fíricí éagsúla a úsáid nó glaoch ar shaineolaithe atá i láthair sa seomra chun foinsí éagsúla agus oibiachtúla faisnéise a sholáthar.

Ráthóirí

Ná bíodh aon leisce ort cabhair a iarraidh ar rannpháirtithe le nótaí a thógáil agus a thuairisciú. Mar shampla, is féidir leat iarraidh ar bheirt rannpháirtithe a choimre ar thorthaí agus ar mholtaí an imeachta a phrofáil.



Tar éis an Imeachta

Tuarascáil ar ardán na Comhdhála

Fi:ll ar an ardán agus tuairiscigh d'imeacht tríd an méid seo a leanas a chur leis

- achoimre i scríbhinn
- na moltaí a d'aontaigh na rannpháirtithe a chur isteach

Gheobhaidh tú treoir mhionsonraithe ar conas é sin a dhéanamh ar leathanach uirlisí an ardáin.

Na buaicphointí a chomhroinnt

Déan buaicphointí an imeachta a chomhroinnt trí na meáin shóisialta leis an haischlib #TheFutureIsYours!

Tuilleadh le léamh

Tá súil againn go mbeidh na moltaí tosaigh seo úsáideach. Gheobhaidh tú go leor leideanna agus treoracha cabhracha eile ar leathanach uirlisí an ardáin ag futurEU.europa.eu.

Táimid ag tnúth go mór le féachaint ar na himeachtaí iontacha a bheidh á n-eagrú agat!

Más mian leat tuilleadh cabhrach a fháil chun d'imeacht a eagrú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le:

- D' Ionad Faisnéise Díreach Eorpach
- Oifigí náisiúnta Institiúidí an AE ([Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa](#) agus [Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh](#))